# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012***

# *Gaeilge Bonnleibhéal*

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

360 MARC

**Dé Luain**
**11 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **CLUASTUISCINT** | |
| **CEIST** | **MARC** |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **Iomlán** | |


| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| – | – |
| **IOMLÁN (1-5)** | |
| **CT** | |
| **MÓRIOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)


Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén cúrsa atá á dhéanamh ag Helen?









| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

**Ceist 1 (b)** Cad a bheidh á dhéanamh ag Helen an deireadh seachtaine seo chugainn?

| | |
|---|---|
| Ag dreapadóireacht | |
| Ag tiomáint | |
| Ag staidéar | |

**Ceist 2 (a)** Cén post atá ag Diarmaid?










| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |


**Ceist 2 (b)** Cén spórt a imríonn Diarmaid go rialta?

| | |
|---|---|
| Cispheil | |
| Rugbaí | |
| Sacar | |


**Ceist 3** Cá bhfuil an bhean ag dul?




**Ceist 4** Cá bhfuil an séipéal? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)




**Ceist 5 (a)** Conas mar a bheidh an aimsir don cheolchoirm i bPáirc an Chrócaigh anocht?



**Ceist 5 (b)** Conas mar a bheidh an aimsir i rith an lae amárach?

| | |
|---|---|
| Fliuch | |
| Grianmhar | |
| Tirim | |

**Ceist 6 (a)** Cad a cheap Pól faoin scrúdú Mata?

| | |
|---|---|
| Bhí sé éasca | |
| Bhí sé deacair | |
| Bhí sé maith go leor | |

**Ceist 6 (b)** Cén áit a mbeidh Pól ag obair sa samhradh?

| | |
|---|---|
| I siopa faisin | |
| I mbialann | |
| In ollmhargadh | |

**Ceist 7 (a)** Cá háit a raibh Eoin ag an deireadh seachtaine?

| | |
|---|---|
| I nGaillimh | |
| I Londain | |
| I dTulach Mhór | |

**Ceist 7 (b)** Cad a bhuaigh máthair Chiara i gcomórtas ar an raidió?

| | |
|---|---|
| Rás | |
| Ticéid | |
| T-léine | |

**Ceist 8 (a)** Cén comórtas a bheidh ar siúl Dé hAoine seo chugainn?

| | |
|---|---|
| Comórtas peile | |
| Comórtas scannánaíochta | |
| Comórtas Tráth na gCeist Boird | |

**Ceist 8 (b)** Cén táille iontrála atá le híoc ag gach foireann?

| | |
|---|---|
| €5 | |
| €20 | |
| €30 | |

**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

## CUID II: ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)


| | |
|---|---|
| 1 | **Traenáil do Pheileadóirí**<br>Páirc Uí Néill<br>Anocht 7.30 p.m. |
| 2 | **Earraí Cistine**<br>Miasniteoir agus Sorn Cistine<br>Ar Leathphraghas |
| 3 | Aonad Éigeandála<br>Ospidéal na hOllscoile<br>**Cláraigh anseo le do thoil** |
| 4 | **Ceachtanna Tiomána**<br>*€35 san Uair*<br>Teagascóir cláraithe |
| 5 | Buail isteach sa Siopa Feirme<br>**Glasraí Úra - Uibheacha**<br>Feirm De Róiste |
| 6 | **Ciúnas!**<br>Scrúdú ar siúl anseo. |
| 7 | "Nead an Dreoilín"<br>Naíonra Lán-Ghaelach<br>Fón: 096-675432 |
| 8 | ***Tá Cosc ar Fhóin Phóca Sa Scoil Seo.***<br>Go raibh maith agat. |
| 9 | **Spéaclaí de gach saghas**<br>"Na faisin is déanaí ar phraghas réasúnta!" |
| 10 | **Meicneoir cáilithe ag teastáil**<br>Garáiste Uí Néill<br>Longfort |

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |






























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 mharc)

Comhairle Contae Chiarraí

Bóthar na Claise,
Ráth Teas
Trá Lí.

Úna Nic Thomáis
Céide na Collchoille,
Cill Airne.

3 Bealtaine, 2012.

A Úna, a chara,

Go raibh maith agat as freastal ar agallamh in oifig na Comhairle i dTrá Lí Dé hAoine seo caite, 27 Aibreán.

Feicim ón CV a d'fhág tú liom go ndearna tú an Ardteistiméireacht sa bhliain 2011 agus go bhfuair tú grád B i ngach ábhar a rinne tú. Tá "Teastas Tarrthála Uisce" agat ón gCumann Sábháilteachta Uisce agus tá tú cáilithe le Cumann na Croise Deirge chun athbheochan a dhéanamh.

Ba mhaith leis an gComhairle tú a fhostú mar Gharda Tarrthála Trá i samhradh na bliana 2012. Beidh tú ag obair ar an Trá Bhán ó 1 Meitheamh go dtí 31 Lúnasa. Beidh ort a bheith ag obair ar an trá gach Satharn agus Domhnach mar aon le trí lá eile sa tseachtain. Beidh dhá lá saor agat gach seachtain. Íocann an Chomhairle €11.50 in aghaidh na huaire. Má tá tú sásta glacadh leis an bpost sealadach seo seol litir ar ais chugam roimh 10 Bealtaine agus cuir cóip de do Theastas Breithe chugam, le do thoil.

Le dea-mhéin,

Síle Ní Néill
Oifigeach Pearsanra

**Ceisteanna**

**1.** Cén dáta ar fhreastail Úna Nic Thomáis ar agallamh?

| | |
|---|---|
| 27 Aibreán | |
| 3 Bealtaine | |
| 1 Meitheamh | |

**2.** Céard a fuair Úna ón gCumann Sábháilteachta Uisce?

| | |
|---|---|
| Ardteistiméireacht | |
| Teastas Athbheochana | |
| Teastas Tarrthála Uisce | |

**3.** Cén áit a mbeidh Úna ag obair sa phost seo?

| | |
|---|---|
| I gCill Airne | |
| Ar an Trá Bhán | |
| I dTrá Lí | |

**4.** Cé mhéad lá saor a bheidh ag Úna gach seachtain?

| | |
|---|---|
| Aon lá amháin | |
| Dhá lá | |
| Trí lá | |

**5.** Cén post atá ag Síle Ní Néill?

| | |
|---|---|
| Comhairleoir | |
| Garda Tarrthála | |
| Oifigeach Pearsanra | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)



## Saoire ar imeall an Atlantaigh

An bhfuil saoire den scoth uait?

Má tá, fág an chathair mhór i do dhiaidh, tar trasna Abhainn na Sionainne agus tabhair cuairt ar Oileán Acla, ar imeall an Atlantaigh, in iarthar Chontae Mhaigh Eo. Tar isteach thar an droichead ón mórthír go dtí an t-oileán is mó in Éirinn.

Tagann cuairteoirí anseo ón bhFrainc agus ón nGearmáin, chomh maith le muintir na hÉireann. Baineann gach cuairteoir taitneamh as saol agus as stair an oileáin. Cloistear Gaeilge á labhairt go coitianta anseo mar is Gaeltacht í leath an oileáin.

Tá aill ar thaobh Shliabh Chruacháin atá dhá mhíle troigh ar airde. Ag breathnú amach ar an bhfarraige duit feicfidh tú caisleán a tógadh sa chúigiú haois déag. Tugann na cuairteoirí ar fad turas ar "An Baile Tréigthe" ina bhfuil ceithre scór teach folamh a tréigeadh le linn an Ghorta. Baineann ealaíontóirí spreagadh as na radhairc bhreátha ar an oileán. Tá slatiascaireacht farraige, tumadóireacht, snámh, galf agus seandálaíocht ar fáil mar chaitheamh aimsire ann freisin. Tá an brat gorm in airde ar gach trá álainn ghlan ar Acaill.

Tar isteach agus bain spraoi as an saol draíochta in Acaill!

**Ceisteanna**

**1.** Cad atá in iarthar Chontae Mhaigh Eo?

| | |
|---|---|
| Abhainn na Sionainne | |
| Cathracha móra | |
| Oileán Acla | |

**2.** Cén teanga atá á labhairt go coitianta ar Oileán Acla?

| | |
|---|---|
| Fraincis | |
| Gaeilge | |
| Gearmáinis | |

**3.** Cathain a tógadh an caisleán ar Acaill?

| | |
|---|---|
| Sa chúigiú haois déag | |
| Le linn an Ghorta | |
| Ceithre scór bliain ó shin | |

**4.** Cad a spreagann na healaíontóirí ar Acaill?

| | |
|---|---|
| An galf | |
| An stair | |
| Na radhairc | |

**5.** Cad atá ar gach trá ar Oileán Acla?

| | |
|---|---|
| Aill | |
| Brat gorm | |
| Caisleán | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# Timpiste Nár Tharla de bharr Gaisce

Bhí lá mór ag déagóir óg, Pól Ó Dúill, i gCill Chainnigh inné. Bhronn Cathaoirleach Iarnród Éireann bonn óir ar Phól as ucht gaisce a rinne sé ag tús mhí an Mhárta seo caite.

Maidin Sathairn amháin bhí Pól ag dul ag iascaireacht san abhainn míle go leith óna theach cónaithe i Muine Bheag, Co. Cheatharlach. Bhí sé gaofar oíche Dé hAoine ach bhí sé ciúin ceomhar ar maidin. Nuair a bhí Pól ar an droichead thar an iarnród thug sé faoi deara go raibh crann leagtha thar na ráillí. Baineadh geit cheart as.

Rinne sé iarracht glaoch ar na Gardaí ach bhí an bataire marbh san fhón póca a bhí aige. D'fhéach sé ar a uaireadóir. Bhí a fhios aige go mbeadh an traein as Baile Átha Cliath go Cill Chainnigh ag teacht i gceann cúpla nóiméad. Bhí air rud éigin a dhéanamh. Chaith sé an trealamh iascaireachta ar an talamh agus rith sé suas an líne i dtreo Mhuine Bheag.



Stop sé tar éis ceithre chéad méadar. Chuala sé an traein ag teacht. Bhain sé de a sheaicéad dubh agus a gheansaí dearg. Chroith sé an geansaí dearg in airde san aer. Chuala sé adharc na traenach. Chonaic sé an traein liath ag teacht. Ansin chuala sé na coscáin. Bhí an traein ag moilliú. Stop an traein faoi dheireadh cúpla slat ón gcrann leagtha.

Murach Pól agus an gaisce a rinne sé, bheadh timpiste uafásach ann an mhaidin Sathairn sin.

**Ceisteanna**

**1.** Cá raibh Pól Ó Dúill inné?

| | |
|---|---|
| Muine Bheag | |
| Cill Chainnigh | |
| Iarnród Éireann | |

**2.** Cad a chonaic Pól ar na ráillí an Satharn sin?

| | |
|---|---|
| Crann | |
| Droichead | |
| Traein | |

**3.** Cad a chaith Pól ar an talamh?

| | |
|---|---|
| Fón póca | |
| Trealamh iascaireachta | |
| Uaireadóir | |

**4.** Cá fhad a rith Pól i dtreo Mhuine Bheag?

| | |
|---|---|
| 200 m | |
| 400 m | |
| 600 m | |

**5.** Cén dath a bhí ar gheansaí Phóil?

| | |
|---|---|
| Dearg | |
| Dubh | |
| Liath | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

# Imelda na nAmhrán



Is breá leis an gcailín Éireannach seo éadaí faiseanta ó na caogaidí. Tá a stíl ghruaige féin aici. Tá guth iontach cumasach aici. Baineann sí sult as bheith ag canadh. Canann sí snagcheol agus na gormacha ó am go chéile ach thar aon cheol eile is fearr léi an stíl “Rockabilly”. Bhain sí amach clú agus cáil go tapa tar éis di a grúpa féin a chur le chéile in 2006.

Cé hí féin? Imelda May, cé eile?

Rugadh Imelda May Clabby i lár Bhaile Átha Cliath i 1974. Bhí cúigear páistí sa chlann agus bhíodh ceol ar siúl i gcónaí sa teach sa bhaile. Chuir Imelda spéis faoi leith san amhránaí Eddie Cochrane. Thosaigh sí ag canadh i gclubanna agus gan í ach sé bliana déag d’aois.

D’imigh sí go Londain nuair a bhí sí dhá bhliain is fiche d’aois. Thosaigh sí ag scríobh agus ag ceol a cuid amhrán féin. Chuir sí a céad albam, “No Turning Back”, amach in 2003. Bhí sí ar teilifís sa Bhreatain le Jools Holland agus sna Stáit Aontaithe le Jay Leno. Bhí sí ar an stáitse le Wanda Jackson agus le Jeff Beck. Thuill “Mayhem”, an tríú halbam a chuir sí amach, cáil ar fud an domhain nuair a eisíodh é in 2010.

**Ceisteanna**

**1.** Cén saghas éadaí is breá le hImelda? Éadaí ó na …

| | |
|---|---|
| Caogaidí | |
| Seascaidí | |
| Seachtóidí | |

**2.** Cén stíl cheoil is fearr le hImelda?

| | |
|---|---|
| Na Gormacha | |
| “Rockabilly” | |
| Snagcheol | |

**3.** Cad a rinne Imelda nuair a bhí sí 16 bliana d’aois?

______________________________________________

**4.** Cé leis a raibh Imelda ar an teilifís sa Bhreatain?

| | |
|---|---|
| Jay Leno | |
| Jeff Beck | |
| Jools Holland | |

**5.** Cén bhliain ar chuir Imelda a céad albam amach?

| | |
|---|---|
| 2003 | |
| 2006 | |
| 2010 | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## An Fear a Cheannaigh Páirc an Chrócaigh





Cé go bhfuil staid i mBarcelona agus ceann eile i Londain níos mó ná é, tá muintir uile na hÉireann bródúil as an tríú staid is mó san Eoraip a bheith acu i mBaile Átha Cliath. Is féidir le breis agus ochtó míle duine freastal ar ócáid i bPáirc an Chrócaigh faoi chompord. Rinneadh athchóiriú iontach ar an ionad seo idir 1993 agus 2005. Murach fear d'arbh ainm Frank Dineen ní dócha go mbeadh Páirc an Chrócaigh ann in aon chor. Ach cérbh é Frank Dineen?

Rugadh Frank i Luimneach sa bhliain 1862. Níor imir sé peil ná iománaíocht ach ba lúthchleasaí iontach é. Scríobh faoi chúrsaí spóirt do na nuachtáin. D'oibrigh sé go dícheallach ar son Chumann Lúthchleas Gael. Bhí sé ina Uachtarán agus ansin ina Rúnaí ar an gCumann idir 1895 agus 1901. Bhí an Cumann ag iarraidh páirc a bhí in úsáid le haghaidh cluichí a cheannach mar cheanncheathrú. Ach ní raibh an t-airgead acu. Bhí díomá ar Frank. Cheannaigh sé féin an 14 acra sa bhliain 1908. Cúig bliana ina dhiaidh sin bhí an t-airgead ag Cumann Lúthchleas Gael agus cheannaigh siad an áit ó Frank mar cheanncheathrú. Bhaist siad Páirc an Chrócaigh air le honóir do phátrún an Chumainn, an Dochtúir Cróc, Ardeaspag Chaisil. Sa bhliain 1917 rinne an Cumann cnoc ar thaobh na páirce as an smionagar a bhí fágtha ar Shráid Sackville tar éis éirí amach na Cásca i 1916. Tá ainm Frank Dineen ar an gcnoc sin ó shin.

**1.** Cén áit a bhfuil an tríú staid is mó san Eoraip?

| | |
|---|---|
| I mBarcelona | |
| I Londain | |
| I mBaile Átha Cliath | |

**2.** Cén spórt a d'imir Frank Dineen?

| | |
|---|---|
| Iománaíocht | |
| Lúthchleasaíocht | |
| Peil Ghaelach | |

**3.** Cén bhliain ar cheannaigh Frank an 14 acra talún?

| | |
|---|---|
| 1862 | |
| 1901 | |
| 1908 | |

**4.** Cén bhaint a bhí ag an Ardeaspag Cróc le Cumann Lúthchleas Gael?

| | |
|---|---|
| Pátrún | |
| Rúnaí | |
| Uachtarán | |

**5.** Cad as a ndearnadh an cnoc ar thaobh na páirce i 1917?

___

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

## Róise

Tá cat againn sa bhaile,
Róise is ainm di,
Caitheann sí an lá ar a sáimhín só
Is an oíche ar chúl an tí.

Bailíonn sí léi de sciuird
Gach maidin ag nóiméad tar éis a naoi,
'S n'fheadar in aon chor cá dtéann sí
Nó cad a dhéanann sí i rith an lae.

Níl a tásc ná a tuairisc aon áit,
Am nóin, am lóin nó roimh a trí.
Ach filleann sí abhaile roimh oíche
Is sa chúinne a ligeann a scíth.

Is cuma léi anois teacht 's imeacht,
Ach a suipéar aici 's braoinín dí;
í sínte os comhair na tine
ag sú teasa is ag brionglóidigh.



**Ceisteanna**

**1.** Cén saghas peata í Róise?

| | |
|---|---|
| Páiste | |
| Éan | |
| Cat | |

**2.** Cén áit a gcaitheann Róise an oíche?

| | |
|---|---|
| Sa teach | |
| Ar chúl an tí | |
| Sa leaba | |

**3.** Cá dtéann Róise gach maidin?

________________________________________

**4.** Cén t-am a fhilleann Róise abhaile?

| | |
|---|---|
| Roimh a trí | |
| Am nóin | |
| Roimh oíche | |

**5.** Cén áit a mbíonn Róise ag sú teasa?

| | |
|---|---|
| Ar chúl an tí | |
| Os comhair na tine | |
| Sa chlós | |

# Lean ar aghaidh go Cuid II: Roinn II

## CUID II: ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)


FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.





Cén rud a bheidh ar siúl?
Cén áit a mbeidh sé?




Cén lá? Dáta? Am?
Cead isteach?




Cén t-aoi speisialta?




Cá rachaidh an t-airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair mar Chúntóir in Ionad Spóirt.
Líon isteach **An Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos. **[Nóta:** Is tusa *Síle Ní Ruairc.***]**

***Ionad Spóirt Loch Garman***
**Foirm Iarratais do phost mar Chúntóir**

Ainm: *Síle Ní Ruairc* Uimhir theileafóin ……………………………….

Seoladh: ………………………………………………………………………………...............

……………………………………………………………………………………………………..

Aois: ……………………………………………. Dáta Breithe: ………………………………………

An bhfuil scileanna ríomhaireachta agat? ……………….……………….…………………………...

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? …………………………………………………………...

Ainmnigh **cúig** ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin: …………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

Luaigh **trí** spórt is féidir leat a mhúineadh: ………………......…………………..……………………….

……………………………..………………………………..………………………………………….

An ndéanann tú traenáil go rialta? …..……………………….………………………………………….

An féidir leat snámh? ……………..……….....................…………………………………………….

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair gach Satharn? ........………………………………………………

An bhfuil taithí agat ar bheith ag múineadh páistí? ………………………………………………....

Cuir tic (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh: 19 Iúil ☐ 21 Iúil ☐ 24 Iúil ☐

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair in Ionad Spóirt.

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

Síniú *Síle Ní Ruairc* Dáta: ________________________________


**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú ag **Picnic faoin Tuath leis an gClub Óige** an mhí seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Picnic faoin Tuath leis an gClub Óige



**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú amuigh ag dioscó le do chara.
Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| Ag rince<br>Ag éirí déanach | An bus imithe<br>fearg | Ar an mbóthar<br>stop | Turas breá compordach<br>ocras |

## EACHTRA A THARLA

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**